

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/593 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Márta 2022****maidir le bláthola caoire litsea a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíoch áirithe****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear d'athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE údaraíodh bláthola caoire litsea gan teorainn ama, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an breiseán sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar bhláthola caoire litsea mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (5) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí bláthola caoire litsea a údarú freisin lena húsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid bláthola caoire litsea in uisce óil a cheadú.
- (6) Chinn an tÚdaráis Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdaráis') ina thuairim an 5 Bealtaine 2021 ⁽³⁾ nach bhfuil tionchar díobhálach ag bláthola caoire litsea ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Thug an tÚdaráis i gcrích freisin gur cheart bláthola caoire litsea a mheas mar ghreannaitheoir craicinn agus súl, agus mar íogróir craicinn agus riospráide. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(6):6623.

- (7) Ina theannta sin, thug an tÚdarás i gcrích go sainaithnítear bláthola caoire litsea chun blas do bhia a eastóscáin agus go bunúsach go mbeadh an fheidhm atá aici in ábhar beatha mar an gcéanna leis an bhfeidhm atá aici i mbia. Dá bhrí sin, meastar nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóirigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar na modhanna anailíse ar an mbreiseán beathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (8) Léirítear leis an measúnú ar bhláthola caoire litsea go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (9) Ba cheart coinníollacha áirithe a chur ar fáil chun foráil a dhéanamh maidir le rialú níos fearr. Thar aon ní eile, ba cheart cion molta a léiriú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.
- (10) Cé nach n-údaítear bláthola caoire litsea lena húsáid mar bhlastán in uisce óil, ní chuirtear bac ar a húsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.
- (11) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaráithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaitithe", údaítear í mar bhreiseán beathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán seo iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 2 Samhain 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 2 Bealtaine 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus a úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 2 Bealtaine 2023, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 2 Bealtaine 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus a n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 2 Bealtaine 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 2 Bealtaine 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus a n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe									
2b491-eo	—	Bláthola caoire litsea	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Bláthola a fhaightear ó thorthaí <i>Litsea cubeba</i> (Lour.) Pers. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola a fhaightear trí ghaldriogadh ó thorthaí <i>Litsea cubeba</i> (Lour.) Pers. mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ . Geranial: 36-45 % Neral: 25-35 % Líomainéin: 9-15 % Lionaló-ól: 0,4-3 % Géiréiniól: 1-4 % Uimhir CAS: 68855-99-2 Uimhir Einecs: 290-018-7 Uimhir FEMA: 3846 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 491	Sicíní lena ramhrú Béaróga Turcaithe lena ramhrú Muca lena ramhrú Bainbh Cránacha atá ag tál Laonna Ba déiríochta Eallaí lena ramhrú Caoirigh/ Gabhair Capaill Coiníní	—	—	—	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — Sicíní lena ramhrú: 11 mg; — Béaróga: 16 mg; — Turcaithe lena ramhrú: 14 mg; — Muca lena ramhrú: 23 mg; — Bainbh: 19 mg; — Cránacha atá ag tál: 28 mg; — Laonna feola (bainne púd-rach): 48 mg;	2 Bealtaine 2032

			<i>Modh anailíseach</i> ⁽²⁾ Chun an marcóirífíticheimiceach <i>Neral</i> a shainaithint sa bhreiseán beathaithe nó i meascán de chomhdhúile blaitithe: — Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictrim-éadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte (RTL-GC-MS).	Salmainidí Madraí Cait Éisc ornáideacha				— Eallaí lena ramhrú, caoirigh, gabhair agus capaill: 43 mg; — Ba déiríochta: 28 mg; — Coiníní: 17 mg; — Salmainidí: 47 mg; — Madraí: 50 mg; — Cait: 8,5 mg; — Éisc ornáideacha: 125 mg”. 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascirt as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil súl. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	
--	--	--	--	---	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Foinsí nádúrtha bhlastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>